2024/2996

5.12.2024

FOIRM LE hAGHAIDH CÚNAMH DLÍTHIÚIL

- CAINGNE DÍREACHA - ([1])

[2024/2996]

Maidir le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, dá ndéanfaidh dlíodóir ionadaíocht nó nach ndéanfaidh, a bhfuil sé ar intinn aige iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil d'fhonn caingean dhíreach a thabhairt chun na Cúirte Ginearálta nó i dtaca le cás (caingean dhíreach) dá bhfuil sé ina pháirtí, iarrtar air an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt dá aire sula ndéanfaidh sé codanna éagsúla na foirme a chomhlánú. Tá an 'Aide-mémoire – Cúnamh dlíthiúil' ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Ní mór an fhoirm seo a úsáid chun iarratas ar chúnamh dlíthiúil a chur isteach sula ndéanfar an chaingean dhíreach a thionscnamh nó fad atá sé ar feitheamh. Níl an fhoirm seo beartaithe, áfach, le haghaidh iarratais ar chúnamh dlíthiúil i gcomhthéacs tarchur chun réamhrialú. Maidir leis na hiarratais sin, ba cheart tagairt a dhéanamh do na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 239 go 242 de na Rialacha Nós Imeachta agus do míreanna 266 go 270 de na Rialacha Cleachtais. Níl aon fhoirm shonrach ann do na hiarratais sin.

1) An dlí lena mbaineann

Is i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta (Airteagail 146 go 150) agus sna Rialacha Cleachtais maidir le cur i bhfeidhm Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta (míreanna 15 go 17, 33, 49, 171, 172 agus 256 go 265) ('na Rialacha Cleachtais') atá na forálacha a bhaineann le cúnamh dlíthiúil le haghaidh caingne díreacha.

Tá Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta agus na Rialacha Cleachtais ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (http://curia.europa.eu), faoi 'An Chúirt Ghinearálta/Nós Imeachta'.

2) Rialacha maidir le hionadaíocht os comhair na Cúirte Ginearálta

Leagtar síos an prionsabal **éigeantach go ndéanfaidh dlíodóir ionadaíocht** ar páirtithe, seachas na Ballstáit, institiúidí an Aontais Eorpaigh, na Stáit is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus Údarás Faireacháin CSTE in Airteagal 19 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, chun caingean dhíreach a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta, ní mór d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach ionadaíocht a bheith aige ó dhlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirt de chuid Ballstáit nó de chuid Stát eile is páirtí sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Airteagal 51 de na Rialacha Nós Imeachta).

Mura mbeidh sé d'acmhainn ag an duine sin, de bharr a staide airgeadais, costais uile na n-imeachtaí nó cuid den chéanna a íoc, foráiltear sna Rialacha Nós Imeachta go mbeidh sé i dteideal cúnamh dlíthiúil (Airteagal 146(1) de na Rialacha Nós Imeachta). **Murab ionann agus caingean, nach mór do dhlíodóir a dhéanann ionadaíocht don iarratasóir í a thaisceadh, is féidir iarratas ar chúnamh dlíthiúil a thaisceadh le cúnamh dlíodóra nó gan an cúnamh sin.**

3) Dlínse na Cúirte Ginearálta agus coinníollacha maidir le hinghlacthacht

Ní fhéadfaidh an Chúirt Ghinearálta cúnamh dlíthiúil a dheonú más léir nach bhfuil dlínse ag an gCúirt sin an chaingean dá bhfuil cúnamh dlíthiúil á lorg ina leith a thriail (Airteagal 146(2) de na Rialacha Nós Imeachta).

De bhun na gConarthaí agus an Phrótacail ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, **tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta** go háirithe sna caingne díreacha seo a leanas:

— i gcaingne arna dtabhairt ag daoine aonair lena n-iarrtar **gníomhartha de chuid institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh** a neamhniú, dearbhú gur mhainnigh na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí sin gníomhú, ar dhóigh a bhí neamhdhleathach, nó cúiteamh ar dhamáistí arna ndéanamh, agus caingne bunaithe ar chlásail eadrána;

([1]) Sainmhínítear an téarma 'caingne díreacha' in Airteagal 1(2)(j) de na Rialacha Nós Imeachta mar 'na caingne go léir is féidir a thaisceadh sa Chúirt Ghinearálta, cé is moite d'iarrataí ar réamhrialú.'

— i gcaingne a bhaineann le cearta maoine intleachtúla lena n-iarrtar cinntí arna ndéanamh ag Boird Achomhairc Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus ag an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) a neamhniú;

— i gcaingne idir institiúidí an Aontais Eorpaigh agus a bhfoireann maidir lena gcaidreamh fostaíochta agus leis an scéim slándála sóisialta.

Dá bhrí sin, **diúltófar** d'iarratas ar chúnamh dlíthiúil **mar gheall ar easpa dhlínse na Cúirte Ginearálta** sa chaingean i gcás go dtabharfar an chaingean:

— chun agóid a dhéanamh in aghaidh dlíthiúlacht **gnímh arna ghlacadh ag na húdaráis náisiúnta**(bíodh siad ina n-údaráis riaracháin nó bhreithiúnacha);

— chun agóid a dhéanamh in aghaidh **cinneadh arna dhéanamh ag comhlacht idirnáisiúnta** nach bhfuil laistigh de chóras institiúideach an Aontais Eorpaigh (mar shampla an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine).

Ní dheonófar cúnamh dlíthiúil ach oiread i gcás gur dealraitheach go bhfuil an chaingean a ndéanfar an t-iarratas ina leith **do-ghlactha go follasach nó gur léir nach bhfuil aon bhunús sa dlí leis an gcaingean** (Airteagal 146(2) de na Rialacha Nós Imeachta).

4) **Foirm éigeantach le haghaidh cúnamh dlíthiúil**

Tá an fhoirm le haghaidh cúnamh dlíthiúil, arna foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi 'An Chúirt Ghinearálta/Nós Imeachta'.

Tá úsáid na foirme sin éigeantach agus iarratas á dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil, sula dtabharfar caingean dhíreach agus fad atá an cás ar feitheamh. Ní dhéanfar breithniú ar iarratas ar chúnamh dlíthiúil do caingean dhíreach arna thaisceadh gan an fhoirm (Airteagal 147 de na Rialacha Nós Imeachta agus mír 256 de na Rialacha Cleachtais).

Ní dhéanfar breithniú ar iarratas ar chúnamh dlíthiúil arna dhéanamh tar éis don Chúirt Ghinearálta a cinneadh a fhógairt lena dtugtar breith ar an gcaingean a ndéantar an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil ina leith. Ní mór iarratas ar chúnamh dlíthiúil d'achomharc i gcoinne breith de chuid na Cúirte Ginearálta a dhéanamh os comhair na Cúirte Breithiúnais.

5) **Ábhar an iarratais ar chúnamh dlíthiúil agus doiciméid tacaíochta**

Tá an fhoirm le haghaidh cúnamh dlíthiúil ceaptha, de réir Airteagal 147(3) agus (4) de na Rialacha Nós Imeachta, chun an fhaisnéis is gá a sholáthar don Chúirt Ghinearálta chun go mbeidh sí in ann cinneadh éifeachtach a dhéanamh ar an iarratas ar chúnamh dlíthiúil. Is éard atá i gceist leis an bhfaisnéis lena mbaineann:

— sonraí maidir le **staid airgeadais** an iarratasóra

agus,

— i gcás nár tionscnaíodh an chaingean go fóill, **sonraí maidir le hábhar na caingne** sin, fíricí an cháis agus na hargóintí a bhaineann leis an gcéanna (mír 259 de na Rialacha Cleachtais).

a) *Staid airgeadais an iarratasóra*

Ní mór **gach faisnéis agus doiciméid tacaíochta** lena bhféadfar measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais an iarratasóra, amhail teastas ó údarás náisiúnta inniúil lena bhfianaítear an staid airgeadais sin, a chur i dteannta an iarratais ar chúnamh dlíthiúil (Airteagal 147(3) de na Rialacha Nós Imeachta).

Déantar measúnú ar acmhainneacht airgeadais an iarratasóra bunaithe ar nithe lena gcruthaítear a easpa acmhainní:

— dá bhrí sin, ní fhéadfaidh duine nádúrtha sonraí maidir lena ioncam agus liúntais de chineálacha éagsúla a fhaigheann sé a chur ar fáil don Chúirt Ghinearálta; ní mór dó a thabhairt ar aird freisin, mar shampla, tuairisceáin chánach, deimhnithe tuarastail, deimhnithe ó na húdaráis slándála sóisialta nó sochair dífhostaíochta, ráitis bhainc nó cuntas, sonraí lena n-éascófar measúnú a dhéanamh ar a chaipiteal (luach maoine inchorraithe nó réadmhaoine) agus na doiciméid a bhaineann leis na costais nach mór dó íoc (amhail comhaontú cíosa nó iasachta, ráiteas i leith táillí scoile le haghaidh leanbh cleithiúnach, sonrasc nó billí) a sholáthar;

— ní fhéadfaidh duine dlítheanach brath go hiomlán ar a éagumas costais a íoc; ní mór dó faisnéis a sholáthar maidir le foirm dhlíthiúil an eintitis, cé acu an eintiteas brabúsach nó neamhbhrabúsach atá ann, maidir le hacmhainneacht airgeadais a pháirtí/pháirtithe nó scairshealbhóirí, agus a thabhairt ar aird, mar shampla, ráitis airgeadais nó aon doiciméad eile lena gcruthófar staid a chuntas, chomh maith le haon chruthúnas i leith éileamh dócmhainneachta, glacadóireachta nó riaracháin, gur stopadh íocaíochtaí nó i leith leachtú.

Ní leor ráitis faoi mhionn arna ndéanamh agus arna síniú ag an iarratasóir féin chun easpa acmhainní a chruthú.

Is cóir go dtabharfaí léargas iomlán ar staid airgeadais an iarratasóra leis na sonraí maidir lena staid airgeadais arna dtabhairt san fhoirm agus leis na doiciméid tacaíochta arna dtaisceadh.

Diúltófar d'iarratais nach léireofar leo go cuíchaighdeán dlíthiúil nach bhfuil sé d'acmhainn ag an iarratasóir íoc as costais na n-imeachtaí.

b) *Ábhar na caingne beartaithe*

I gcás go dtaiscfear an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil sula dtabharfar an chaingean lena mbaineann sé, ní mór don iarratasóir **ábhar na caingne, fíricí an cháis agus na hargóintí** atá sé ar intinn aige a dhéanamh mar thaca lena iarratas a lua go achomair. Tá cuid chuige sin san fhoirm le haghaidh cúnamh dlíthiúil.

Ní mór a chur i dteannta na foirme cóip d'aon **doiciméad tacaíochta** ábhartha chun inghlacthacht agus bunús na caingne beartaithe a mheas. D'fhéadfaí a áireamh ansin, mar shampla, comhfhreagras leis an gcosantóir a bheidh ann nó, i gcás caingean le haghaidh neamhniú, an bhreith a bheidh faoi chonspóid maidir lena dlíthiúlacht.

Ní mór don fhoirm le haghaidh cúnamh dlíthiúil arna comhlánú go cuí agus do na doiciméid tacaíochta a bheith intuigthe astu féin.

c) *Ábhar breise*

Ní féidir an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil **a fhorlíonadh trí ábhar breise a thaisceadh tráth níos déanaí**. Diúltófar d'aon ábhar breise den sórt sin, ach amháin i gcás go ndéanfaidh an Chúirt Ghinearálta é a iarraidh. Dá bhrí sin, is gá an fhaisnéis riachtanach uile a thabhairt san fhoirm agus cóipeanna d'aon doiciméid mar chruthúnas ar an bhfaisnéis sin a chur ina teannta.

I gcásanna eisceachtúla, áfach, féadfar glacadh le doiciméid tacaíochta lena mbeartaítear easpa acmhainní an iarratasóra a chruthú ag staid níos déanaí, ach míniú cuí a thabhairt ar an moill a bhí leis na doiciméid a thabhairt ar aird (mír 264 de na Rialacha Cleachtais).

6) **An t-iarratas a thaisceadh**

a) *Arna dhéanamh ag an iarratasóir féin*

Ní mór don iarratasóir ar chúnamh dlíthiúil nach ndéanfaidh dlíodóir ionadaíocht dó leagan páipéir na foirme arna chomhlánú go cuí agus arna shíniú, in éineacht le haon doiciméid tacaíochta a luaitear san fhoirm, a chur chuig Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta ag an seoladh seo a leanas:

Greffe du Tribunal de l'Union européenne

Rue du Fort Niedergrünewald

L-2925 Lucsamburg

Ní mór don **iarratasóir an fhoirm a shíniú de lámh** (Airteagal 147(6) de na Rialacha Nós Imeachta agus mír 257 de na Rialacha Cleachtais). Ní phróiseálfar foirmeacha gan síniú de lámh.

b) *Arna dhéanamh ag dlíodóir an iarratasóra*

I gcás go ndéanfaidh dlíodóir ionadaíocht ar an iarratasóir ar chúnamh dlíthiúil tráth a thaiscfear an fhoirm le haghaidh cúnamh dlíthiúil, ní mór don dlíodóir an fhoirm a thaisceadh trí fheidhmchlár e-Curia, de réir na gceanglas a leagtar síos in 'Coinníollacha Úsáide Fheidhmchlár e-Curia' (mír 258 de na Rialacha Cleachtais).

7) **Teorainn ama i leith caingean a thionscnamh agus a atosú**

Cuirfear an teorainn ama a forordaíodh do thionscnamh na caingne ar fionraí, maidir leis an duine a rinne an t-iarratas, nuair a dhéanfar iarratas ar chúnamh dlíthiúil, go dtí an dáta ar a dhéanfar an t-ordú lena ndéanfar breith ar an iarratas sin a sheirbheáil, nó, i gcás nach n-ainmneofar dlíodóir san ordú sin chun ionadaíocht a dhéanamh ar an iarratasóir ar chúnamh dlíthiúil, go dtí dáta seirbheála an ordaithe lena n-ainmneofar an dlíodóir a dhéanfaidh ionadaíocht ar an iarratasóir (Airteagal 147(7) de na Rialacha Nós Imeachta).

Dá bhrí sin, ní rithfidh an teorainn ama i leith caingean a thabhairt fad a bheidh iarratas ar chúnamh dlíthiúil á scrúdú ag an gCúirt Ghinearálta.

Tar éis sheirbheáil an ordaithe ina dtabharfar breith ar an iarratas ar chúnamh dlíthiúil, nó, i gcás nach n-ainmneofar san ordú sin dlíodóir chun ionadaíocht a dhéanamh ar an iarratasóir ar chúnamh dlíthiúil, tar éis sheirbheáil an ordaithe ina n-ainmneofar an dlíodóir a bheidh freagrach as ionadaíocht a dhéanamh ar an iarratasóir sin, **d'fhéadfadh an teorainn ama i leith caingean a thionscnamh a bheith an-ghearr.** Dá bhrí sin, moltar don pháirtí is tairbhí den chúnamh dlíthiúil, arna ionadú go cuí ag dlíodóir, **aird ar leith a thabhairt ar an tréimhse dhlíthiúil a urramú** (mír 265 de na Rialacha Cleachtais).

8) **Faisnéis bhreise**

Ní thabharfar ar ais aon leagan bunaidh de dhoiciméid tacaíochta. Dá bhrí sin, moltar cóipeanna de dhoiciméid tacaíochta a sholáthar.

Má tharraingíonn an t-iarratasóir a iarratas siar gan iarratas nua a bhunú ar fhíorais nua, ní chlárófar an t-iarratas agus cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas (mír 263 de na Rialacha Cleachtais).

IARRATAS AR CHÚNAMH DLÍTHIÚIL

IARRATASÓIR AR CHÚNAMH DLÍTHIÚIL

DUINE NÁDÚRTHA

Sloinne: .....

Céadainm(neacha): .....

Seoladh: .....

Cód poist: ..... Baile/Cathair: .....

Tír: .....

Teileafón (roghnach): .....

Ríomhphost (roghnach): .....

Gairm nó post reatha: .....

DUINE DLÍTHEANGACH ([2])

Ainm gnó: .....

Foirm dhlíthiúil: .....

Eintiteas brabúsach: □ Sea □ Ní hea

Seoladh: .....

Cód poist: ..... Baile/Cathair: .....

Tír: .....

Teileafón (roghnach): .....

Ríomhphost (roghnach): .....

([2]) Ceangail leis an iarratas seo cruthúnas arna eisiúint le déanaí den duine dlítheanach sa dlí (sliocht ó chlár na gcuideachtaí, na ngnólachtaí nó na gCOMHLACHAS nó aon doiciméad oifigiúil eile).

AN PÁIRTÍ A mBEARTAÍONN TÚ CAINGEAN A THABHAIRT INA AGHAIDH ([3])

Dírítear d'aird arís ar an bhfíric go bhfuil dlínse ag an gCúirt Ghinearálta breith a thabhairt i gcásanna idir daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht cinntí arna ndéanamh:

— ag comhlachtaí idirnáisiúnta nach bhfuil laistigh de chóras institiúideach an Aontais Eorpaigh, amhail an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine;

— ag údaráis náisiúnta na mBallstáit;

— ag cúirteanna nó binsí náisiúnta.

Sonraigh anseo na páirtí/páirtithe a dtabharfar an chaingean ina (n-)aghaidh:

COSANTÓIR(Í)	SEOLADH
……	
……	

I gcás go bhfuil tuilleadh spáis uait, lean ar aghaidh ar bhileog ghlan is cóir a chur i gceangal le d'iarratas.

([3]) I gcás go ndéantar an chaingean agus an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil a thaisceadh an tráth céanna nó i gcás go ndéantar an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil a thaisceadh i nDIAIDH thaisceadh na caingne, ní gá an chuid dar teideal 'An páirtí a mbeartaíonn tú caingean a thabhairt ina aghaidh' a chomhlánú.

ÁBHAR NA CAINGNE ([4])

Má dhéantar an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil a thaisceadh sula dtabharfar an chaingean, ní mór don iarratasóir ábhar na caingne beartaithe, fíricí an cháis agus na hargóintí mar thaca leis an gcaingean a lua go hachomair. Ní mór doiciméid tacaíochta a bheith i dteannta an iarratais i ndáil leis sin (Airteagal 147(4) de na Rialacha Nós Imeachta).

Déan cur síos ar ábhar na caingne is mian leat a thionscnamh, fíricí an cháis agus na hargóintí mar thaca leis an gcaingean (is féidir leagadh amach an ábhair a chomhlánú trí úsáid a bhaint as bileoga breise):

Ní mór aon doiciméid tacaíochta is ábhartha chun inghlacthacht na caingne beartaithe a mheas a cheangal leis an bhfoirm seo agus a chur san áireamh i liosta na ndoiciméad tacaíochta.

Ní thabharfar ar ais aon leagan bunaidh de dhoiciméid tacaíochta. Dá bhrí sin, moltar cóipeanna de na doiciméid atá i gceist a thaisceadh.

([4]) I gcás go ndéantar an chaingean agus an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil a thaisceadh an tráth céanna nó i gcás go ndéantar an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil a thaisceadh i nDIAIDH thaisceadh na caingne, ní gá an chuid dar teideal 'Ábhar na caingne' a chomhlánú.

STAID AIRGEADAIS AN IARRATASÓRA

DUINE NÁDÚRTHA

ACMHAINNÍ

Ní mór gach fhaisnéis agus doiciméid tacaíochta a chur i dteannta an iarratais ar chúnamh dlíthiúil ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais an iarratasóra, amhail teastas ó údarás náisiúnta inniúil lena bhfianaítear an staid airgeadais sin (Airteagal 147(3) de na Rialacha Nós Imeachta).

		D'acmhainní	**Acmhainní do chéile, do pháirtí nó do chomh-chónaitheora**	Acmhainní aon duine eile a chónaíonn leat de ghnáth (leanbh nó cleithiúnaí). Sonraigh: ……
a.	**Gan ioncam**	(*)		
b.	**Glantuarastal/pá inchánach** (arna léiriú ar do dhuillíní pá)			
c.	**Ioncam neamhthuarastail** (ioncam talmhaíochta, tionsclaíoch, tráchtála nó neamhthráchtála)			
d.	**Liúntais shóisialta/teaghlaigh**			
e.	**Sochair dífhostaíochta**			
f.	**Liúntais laethúla** (sochair bhreoiteachta, mháithreachais, galair ceirde, tionóisce tionsclaíche)			
g.	**Pinsin, liúntais scoir, blianachtaí agus liúntais réamhscoir**			
h.	**Liúntais chothaithe** (an tsuim a íoctar leat)			
i.	Acmhainní eile (e.g., cíos a fhaightear, ioncam ó chaipiteal, ioncam ó urrúis etc.)			

I gcás go bhfuil tuilleadh spáis uait, lean ar aghaidh ar bhileog ghlan is cóir a chur i gceangal le d'iarratas.
(*) Má chuirtear tic sa bhosca seo, ní mór don iarratasóir míniú a thabhairt ar conas a chothaíonn sé é féin.

Sonraigh nádúr agus luach aon mhaoine inchorraithe (scaireanna, dliteanais, caipiteal etc.) agus seoladh agus luach aon réadmhaoine (teach, talamh etc.) lena n-áirítear aon mhaoin de do chuid nach ngineann ioncam:

EISÍOCAÍOCHTAÍ

Sonraigh na leanaí agus na daoine faoi do chúram nó a chónaíonn leat de ghnáth:

Sloinne(Sloinntí) agus Céadainmneacha	Gaol teaghlaigh (e.g., mac, nia, máthair)	Dáta breithe (ll/mm/bbbb)
……	……	..../..../ ……
……	……	..../..../ ……
……	……	..../..../ ……
……	……	..../..../ ……

I gcás go bhfuil tuilleadh spáis uait, lean ar aghaidh ar bhileog ghlan is cóir a chur i gceangal le d'iarratas.

Sonraigh na liúntais chothaithe a íocann tú le tríú páirtithe:

Más mian leat, is féidir leat tuilleadh faisnéise a thabhairt maidir le do staid airgeadais (acmhainní nó eisíocaíochtaí):

Ní mór an fhaisnéis a leagtar amach thuas a chruthú le doiciméid tacaíochta ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar do staid airgeadais (Airteagal 147(3) de na Rialacha Nós Imeachta).

Ní mór an liosta de dhoiciméid tacaíochta, lena n-áirítear, más iomchuí, teastas ó údarás náisiúnta inniúil lena bhfianaítear an staid airgeadais sin, a chur i dteannta na foirme seo.

Ní thabharfar ar ais aon leagan bunaidh de dhoiciméid tacaíochta. Dá bhrí sin, moltar cóipeanna de na doiciméid atá i gceist a thaisceadh.

DUINE DLÍTHEANACH

I gcás gur duine dlítheanach é an té a dhéanfaidh an t-iarratas ar chúnamh dlíthiúil, cuir i dteannta an iarratais seo cruthúnas arna eisiúint le déanaí den duine dlítheanach sa dlí (sliocht ó chlár na gcuideachtaí, na ngnólachtaí nó aon doiciméad oifigiúil eile) (Airteagal 147(5) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 78(4) de na Rialacha Nós Imeachta).

Déan cur síos ar staid airgeadais an iarratasóra agus, i gcás inarb iomchuí, ar staid a pháirtithe nó scairshealbhóirí:

Ní mór an fhaisnéis a leagtar amach thuas a chruthú le doiciméid tacaíochta ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais an iarratasóra agus, i gcás inarb iomchuí a pháirtí/páirtithe nó a scairshealbhóirí (Airteagal 147(3) de na Rialacha Nós Imeachta).

Ní mór an liosta de dhoiciméid tacaíochta, lena n-áirítear, más iomchuí, teastas ó údarás náisiúnta inniúil lena bhfianaítear an staid airgeadais sin, a chur i dteannta na foirme seo.

Ní thabharfar ar ais aon leagan bunaidh de dhoiciméid tacaíochta. Dá bhrí sin, moltar cóipeanna de na doiciméid atá i gceist a thaisceadh.

IONADAÍOCHT DHLÍTHIÚIL BHEARTAITHE

I gcás gur roghnaigh tú dlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirt de chuid Ballstáit nó de chuid Stát eile is páirtí i gComhaontú LEE, is gá an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:

Teideal (e.g., Maître) agus ainm: .....

Seoladh: .....

Cód poist: ..... Baile/Cathair: .....

Tír: .....

Teileafón: .....

Ríomhphost (roghnach): .....

DEARBHÚ SOLLÚNTA

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, go sollúnta go bhfuil an fhaisnéis san iarratas seo ar chúnamh dlíthiúil beacht:

Dáta: ..../..../..... Síniú an iarratasóra nó an dlíodóra dá ndéanann ionadaíocht don iarratasóir:

LIOSTA NA nDOICIMÉAD TACAÍOCHTA

Doiciméid tacaíochta ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar do staid airgeadais:

— .....
— .....
— .....
— .....
— .....
— .....
— .....
— .....
— .....
— .....

I gcás nár tugadh an chaingean go fóill, doiciméad nó doiciméid tacaíochta ábhartha chun inghlacthacht agus bunús na caingne a mheas:

— .....
— .....
— .....
— .....
— .....
— .....
— .....
— .....
— .....
— .....